



GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála a bhaineann leis an iarraidh ar shíneadh a chur le tarscaoileadh EDT lena gceadaítear don Aontas Eorpach fabhair uathrialacha trádála a dheonú do na Balcáin Thiar

CINNEADH (AE) 2026/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh
i gComhairle Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála
a bhaineann leis an iarraidh ar shíneadh a chur le tarscaoileadh EDT lena gceadaítear
don Aontas Eorpach fabhair uathrialacha trádála a dheonú do na Balcáin Thiar**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4),
an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Thug an tAontas an Comhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('Comhaontú WTO') i gcrích trí bhíthin Chinneadh 94/800/CE ón gComhairle¹.
- (2) De bhun Airteagal II de Chomhaontú EDT, is codanna lárnacha de Chomhaontú EDT iad na comhaontuithe agus na hionstraimí dlí gaolmhara atá ar áireamh in Iarscríbhinní 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an gComhaontú sin ('Comhaontuithe Trádála Iltaobhacha'), lena n-áirítear an Comhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 ('CGTT 1994'), agus tá siad ina gceangal ar na Comhaltaí uile na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT).
- (3) De bhun Airteagal IV de Chomhaontú EDT, is féidir leis an gComhdháil Aireachta, atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na Comhaltaí uile agus atá le teacht le chéile uair amháin ar a laghad gach dhá bhliain, cinntí a ghlacadh maidir le gach ábhar a chumhdaítear faoi aon cheann de na Comhaontuithe Trádála Iltaobhacha. Sna tréimhsí idir cruinnithe na Comhdhála Aireachta, is í an Chomhairle Ghinearálta atá chun na feidhmeanna a fheidhmiú.
- (4) De bhun Airteagal IX de Chomhaontú EDT, is de chomhthoil a ghlacann EDT cinntí de ghnáth. Faoi chúinsí eisceachtúla, féadfaidh an Chomhdháil a chinneadh oibleagáid arna forchur ar Chomhalta ag Comhaontú EDT nó trí aon cheann de na Comhaontuithe Iltaobhacha Trádála a tharscaoileadh.

¹ Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, na gcomhaontuithe a baineadh amach i mBabhta Uragua den chaibidlíocht iltaobhach (1986-1994), a mhéid a bhaineann leis na hábhair laistigh dá inniúlacht féin (IO L 336, 23.12.1994, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/1994/800/oj>).

- (5) Deonaíodh tarscaoileadh óna chuid oibleagáidí don Aontas faoi Airteagal I de CGTT 1994 den chéad uair an 8 Nollaig 2000 i ndáil leis na Balcáin Thiar, go dtí an 31 Nollaig 2006. Cuireadh síneadh leis an tarscaoilte sin go deireanach an 28 Iúil 2021, go dtí an 31 Nollaig 2026, a mhéid is gá chun go dtabharfaí cead don Aontas cóir fhabhrach a dheonú do tháirgí incháilithe de thionscnamh na mBalcáin Thiar.
- (6) An 16 Nollaig 2025 ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2025/2014², lenar cuireadh síneadh breise go dtí an 31 Nollaig 2030 le tréimhse chur i bhfeidhm na bhfabhar uathrialach trádála do na Balcáin Thiar.
- (7) I bhfianaise an achrainn leanúnaigh a bhaineann le staid eacnamaíoch an réigiúin agus ós rud é go bhfuil sé beartaithe leis an gcóir fhabhrach do tháirgí incháilithe a thugann an tAontas do thíortha na mBalcáin Thiar forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn, i gcomhréir le cuspóirí CGTT 1994, seachas bacainní a chruthú ar thrádáil Chomhaltaí eile EDT, tá feidhm fós ag na himthosca eisceachtúla lena dtugtar údar le síneadh a chur leis an tarscaoileadh ó oibleagáidí Airteagail I agus XIII de CGTT 1994. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas a iarraidh go gcuirfí síneadh breise le tarscaoileadh EDT lena gceadaítear fabhair uathrialacha trádála a dheonú do na Balcáin Thiar.

² Rialachán (AE) 2025/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/823 maidir le bearta eisceachtúla trádála le haghaidh tíortha agus críocha atá páirteach sa phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais nó atá nasctha leis (IO L, 2025/2014, 22.12.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2014/oj>).

- (8) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh i gComhairle Ghinearálta EDT a bhunú a mheid a bhaineann leis an iarraidh ar shíneadh a chur le tarscaoileadh EDT lena gceadaítear don Aontas Eorpach fabhair uathrialacha trádála a dheonú do na Balcáin Thiar, ós rud é go mbeidh an síneadh ar an tarscaoilte sin ina cheangal ar Chomhaltaí uile EDT,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Comhaontóidh an tAontas síneadh a chur le tarscaoileadh EDT lena gceadaítear don Aontas fabhair uathrialacha trádála a dheonú do na Balcáin Thiar go dtí an 31 Nollaig 2031.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
